



Eolas do Thuismitheoirí/Caomhnóirí



An teanga a úsáidtear i Scoileanna na hÉireann

- I scoileanna in Éirinn úsáidimid dhá theanga: Béarla agus Gaeilge.
- Is é an Béarla an teanga is mó a úsáidtear.
- Múineann Múineann an chuid is mó dár scoileanna na hábhair ar fad ag baint úsáid as an mBéarla agus is í an teanga a úsáidtear idir múinteoirí agus foghlaimeoirí.
- I níos mó de 90% dár scoileanna, baintear úsáid as an mBéarla chun ábhair a mhúineadh agus is é an teanga í a úsáidtear sa chaidreamh laethúil a bhíonn idir múinteoirí agus foghlaimeoirí. Sna scoileanna seo, is ábhar í an Ghaeilge a ndéantar staidéar uirthi mar cheann amháin den raon ábhar sa churaclam.

Scoileanna sa Ghaeltacht



- Léirítear i ndath glas ar an léarscáil ar chlé na ceantair ina n-úsáidtear an Ghaeilge mar an phríomhtheanga labhartha ar bhonn laethúil sa phobal áitiúil agus sna scoileanna sna ceantair seo.
- Tugtar an Ghaeltacht ar na ceantair seo. Múineann na scoileanna sna ceantair seo na hábhair ar fad, seachas an Béarla, trí mheán na Gaeilge.
- Baineann múinteoirí agus daltaí/scoláirí úsáid as an nGaeilge chun cumarsáid a dhéanamh laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.
- I gceantair eile lasmuigh den Ghaeltacht, tá scoileanna ann ar a dtugtar Gaelscoileanna (bunscoileanna) agus Gaelcholáistí (iar-bhunscoileanna) ina n-úsáidtear an Ghaeilge mar an teanga chumarsáide agus múintear na hábhair trí mheán na Gaeilge.



Eolas ginearálta

- Déarfaidh scoileanna leat más é an Béarla nó más í an Ghaeilge an phríomhtheanga atá in úsáid sa scoil. Beidh tú féin agus do leanbh in ann cinneadh a dhéanamh an mian leat freastal ar scoil ina labhraítear Gaeilge nó ar scoil ina labhraítear Béarla.
- Má tá an scoil a bhfuil do leanbh/leanaí ag freastal uirthi sa cheantar Gaeltachta, beidh staidéar á dhéanamh acu ar chuid mhór de d'ábhair trí mheán na Gaeilge.
- Más iar-bhunscoil í an chéad scoil a bhfuil do leanbh/leanaí ag freastal uirthi nuair a thosaíonn tú ar scoil in Éirinn, seans nach mbeidh staidéar á dhéanamh acu ar an nGaeilge, ach foghlaimeoidh siad faoi oidhreacht chultúrtha na hÉireann trí ábhair eile.